# Ó'n Ḟéile Ṁíoḃaird, 1927.

Tá Clann-Conaill le ċéile inniu ar lá Féile
  Na n-Aspal ba ċéimeaṁla 'san Eaglais a ḃí,
Ag súil a's ag féaċaint le dúṫraċt a's éifeaċt
  Go mbuanóċar Gaedilg i n-Éirinn a ċoiḋċe;
I bFaróiste Ṁíoḃaird níor tréigeaḋ ariaṁ í,
  'S ní leigfear í'n díoġḃáil i gcríoċaiḃ Raġnaill
Dá ndéantaoi mar a gcéadna i ngaċ ceanntar de Éirinn
  Ḃéaḋ iomlán na tíre fíor-Ġaeḋealaċ gan ṁoill

Tá maise ó Nádúir go fairsing fá'n áit seo,
  Mínte a's trágánna 's cubar geal na dtonn,
Aibneaċa 's áltain a's maċairí breaġṫa
  'S na hárd-ċnuic ag stánaḋ ar fánaiḋ anonn;
Daoine siubáilteaċa lúgaċa mar ba dual do'n Ġaeḋealtaċt,
  'S iad a léiriġ [illegible] a ḃí;
Aer follán sléiḃe a's fairrge i n-éinfeaċt,
  'S gaċ aoiḃneas a's pléisiúr ba ṁian le do ċroiḋe.

'Muiġ ṫíos 'naice 'n ċósta tá mór-ċaisleán tíġe-ósta,
  Is ann ġeoḃṫá lóistín 'ḃéaḋ seascair a's sáṁ,
Dá mbéiṫeá ann i lár séasúir ḃéaḋ agat sár-ṗléisiúr
  Le snaisteóireaċt, iascaireaċt, cluiċiḃ, a's snáṁ;
Aċt, ḃí áit ní ba ṁó 's ní ba ḋeise fá dó
  'San ḃall seo fadó ag an Árdtiġearna Dóinn
Go dtáinic an léir-scrios aníos ó na méiltiḃ
  A d'ḟág é 'na ḃáinriġ mar ċímid 'nois roiṁainn.

Árd-oileaṁna do'n ċléir 'seaḋ an ceanntar go léir,
  A's ṫáinic, do réir sin, cuid ṁór aca as,
Ó Ċáirdeanalaċ cliúṁail go dtí séiplíneaċ uṁal,
  Árd-Easbuic a's Príoṁáiḋ 'ṫuill onóir a's meas;

gairt-Pádraigse breaġṫa' bí dúṫraċtaċ cráiḃṫeaċ,
A ṫroid go dána 's go láidir 'naġaidh éagcóra 's nirt.
Nár ġéill 'riaṁ do náṁaid nó do ṫrean-bodaċ Gallda
Aċt 'ṡeas i mbeárnaiḋ an ġáḃaiḋ ag cosaint an ċirt.

Le scór-go-leiṫ bliaḋain táimid 'gobair go dian
Ar son teanga na bÉireann, ár sean-nós, a's ár gceoil,
Aċt d'á ṁéad é ár mian, 'sé ár léan a's ár gcian
Naċ bfuil trian oiread déanta 's bad ṁaiṫ linn go fóill;
Tá'n taos-óg, dar ndóiġe, ar a n-diċeall ag foġluim,
'Déanaṁ saoṫair i gcoṁnuiḋe, oiḋċe, maidin, a's neóin,
Aċt is díoṁaoin a bfóġnaṁ má scaoiltear an Fóġṁar
'Un siabṫa gan fónṁú le h-anfad 'n domain.

Tá nua-Ġaedilg d'á cumaḋ naċ bfuair ariaṁ cumaḋ
I n-umar-baiste ġlan-Ġaedilge Ċlainn-Conaill 's Uí Néill,
Ní h-onóir nó clú í, is ró-ḃeag is fiú í,
Is cúis dul-amuḋa í le briaṫraiḃ gan ċéill;
I bpáipéir 's ar ballaiḃ tá fógraí d'á sgeallaḋ
Ag súil le n-ár meallaḋ go bfuil Gaedilg i réim,
Aċt ó Ġaedilg Áṫa Cliaṫ, óċ, saor sinn, a Ḋia!
Óir 'sí sin féin an graiméar gan fuinneaṁ, gan féidm.

Tá ceal oibre a's saoṫruiġṫe, fáraor, anns an tír seo
Atá 'fágail ár ndaoinead gan ṁisneaċ, gan bríġ,
'S tá 'ruagad na mílte ar coigcríoċ i ndóiḃirt
Abfad ó n-a ngaolṫaiḃ 's ó ṫírín a gcroiḋe;
Tá ár mbuaċaillí óga 's ár gcailíní dóiġeaṁla
Ag imṫeaċt 'na slóiġtiḃ ṫar sáile gaċ mí.
Tá'n Ġaedealtaċt d'á bánú 's síor-beagán d'á ḋéanaṁ
Le n-ár gcruaḋ-ċás a áiṫriú ag luċt-ċumṫa an dliġe.

Tá oiread éisc i n-ár mbáige 's a ḃéarfaḋ sceoċ ráige
Do ḃádaiḃ na h-áirce dá ḃfuigeaḋ siad isteaċ,
Aċt tá dream na neangaċ-scuabṫa d'á ngabail 's d'á ruagaḋ,
Ḃeag a's mór sluġtar suas iad 's ar an sceiṫ gníṫear creaċ;
Tá'n t-allṁurach gránna 's an coigċríċeaċ dána
Ag tabairt loċtaí lána ó n-ár gcladaiġiḃ ṫart leo,
Aċ níl gar cé a ċanas níl truaiġe d'ár n-anas,
Níl luċt cosanta againn a's cailltear gléas-beo.

Má táimid dáiríriḃ ar son ṁaiṫis na tíre
Ḃéiḋ ceannaċ a's iarraiḋ ar ár ndéantusaiḃ féin,
'Sé ár neamairt 'san níḋ sin a d'fág ó n-ár sliġe sinn
'S tá 'tiomáint na mílte d'ár ndaoiniḃ i gcéin;
Nać ró-ṁór an cuinntas na milliúin punnta
Ag imṫeaċt gan ṫionntoḋ go bliaḋanṫaṁail ṫar tuinn,
Níl ciall leis nó céadfaḋ, is ró-ṁaiṫ a d'féadfaiḋ
A gcoingḃeáil mar éadáil dúinn féin a's d'ár gclainn.

Aċt bíoḋ an t-am sona séanṁar nó dona a's léanṁar,
Ḃéimíd seasṁaċ a's tréanṁar 'san déag-ċúis go deo,
Gíḋ go ḃfuilimíd fann boċt, ní h-onaire 'n loċt
Muná gcoingḃiġṫear go doċt ~~an tréan~~ ár mbinn-ṫeanga beo;
"Ár dTír a's ár dTeanga 's ár sean-Ċreideaṁ beannuiġṫe" —
Sin an rosc-caṫa daingean a ngluaisfimíd faoi,
A's tá againn muiniġin láidir go mbainfear an báire
'S go mairfiḋ Éire 'na náisiún d'aindeóin Seaġain Ḃuiḋe.

Antoine O Dochartaigh.